



Imlitir 0012/2020

POLASÁÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA 2017-2022

CUIREADH DO BHUNSCOILEANNA I LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA PÁIRT A GHLACADH SA SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA ÓN RANPHÁIRTÍOCHT GO DTÍ AN CUR I BHFEIDHM (Feabhra 2020 - Lúnasa 2021)

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISIC i mBUNSCOILEANNA SA GHAELTACHT NACH BHFUIL SA SCÉIM FAOI LÁTHAIR

1. Cuspóir na hImlitreach

Is é cuspóir na hImlitreach seo ná a mheabhrú d'údaráis scoileanna faoin deis eile atá á cur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Roinn) do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim) in 2020.

Tá an Roinn tiomanta don soláthar acmhainní breise do scoileanna a chomhlíonann na critéir theanga-bhunaithe chun an tumoideachas a threisiú ar mhaithe le haitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta faoi théarmaí na Scéime. Leanann an Imlitir seo ó Imlitreacha 0033/2017, 0021/2018 agus 0011/2019 do bhunSCOILEANNA, ina ndearnadh cur síos ar fhorbairt na Scéime don tréimhse ó 2017 go 2020.

Déanann **Cuid A** den Imlitir seo cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun clárú sa Scéim in 2020. Déantar cur síos i **gCuid B** ar na tacaíochtaí breise a chuirfear ar fáil ag na tréimhsí pleanála agus feidhme do na scoileanna nua a chuireann isteach ar an Scéim in 2020/21.

Achoimre ar na príomhphointí:

- Tugtar deis bhreise do scoileanna nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim faoi láthair páirt a ghlacadh sa Scéim in Earrach 2020 agus déanfar acmhainní breise a mhearsheoladh do na scoileanna seo atá lonnaithe sa Ghaeltacht chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú.
- Chun cur isteach ar an Scéim, caithfidh scoil *An Fhoirm um Léiriú Spéise* a ghabhann leis an Imlitir seo a chomhlánú. **(Aguisín 2)**
- Ba chóir do scoil atá ag roghnú páirt a ghlacadh sa Scéim plean gníomhaíochta a fhorbairt atá nasctha leis na critéir theanga-bhunaithe chun an tumoideachas¹ a neartú, ag cur comhthéacs na scoile san áireamh.

¹ I gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta, baineann an tumoideachas leis an gcleachtas gach achar curaclaim a mhúineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge, seachas curaclaim an Bhéarla (agus curaclaim na dteangacha iasachta). Baineann luath-thumadh le clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, nuair nach múinfeadh Béarla le linn na tréimhse sin.

- Déanfar tacaíochtaí spriocdhírthe breise a sholáthar ag na céimeanna pleanála agus feidhme, chun tacú le scoileanna páirt a ghlacadh sa Scéim. Nuair a bheidh na pleananna gníomhaíochta faofa, beidh rochtain ag scoileanna ar uaireanta tacaíochta don Ghaeilge, deontas d'acmhainní i nGaeilge, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht.

Na hAguisíní atá leis an Imlitir seo:

Aguisín 1: Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta.

Aguisín 2: *Foirm um Léiriú Spéise:* Cuirtear an fhoirm seo ar fáil do bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta ar mian leo cur isteach ar an Scéim in 2020. Caithfear *An Fhoirm um Léiriú Spéise* comhlánaithe a chur chuig an Roinn **faoin Luan, 23 Márta 2020.**

Aguisín 3: *Foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna:* Cuirtear an fhoirm iarratais seo ar fáil do bhunscoileanna sa Scéim ar féidir leo a gcuid uaireanta do thacaíocht teanga Gaeilge agus/nó na huaireanta atá leithdháilte don teagasc oideachas speisialta a chnuasach agus a chur le chéile chun poist teagaisc lánaimseartha sealadacha a chruthú.

Aguisín 4: Teimpléad Samplach do Phlean Gníomhaíochta chun cuidiú le scoileanna na critéir theanga-bhunaithe a chur i bhfeidhm chun an tumoideachas a threisiú.

CUID A

1. Cuireadh do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2020

Tugtar deis eile do scoileanna i limistéir pleanála teanga Gaeltachta nach bhfuil páirteach cheana féin sa Scéim páirt a ghlacadh sa Scéim in 2020.

Tábla 1 – Tá forléargas tugtha anseo ar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí breise a chuirfear ar fáil do scoileanna a bheidh ag dul isteach sa Scéim in 2020.

| TÁBLA 1: Achoimre ar na gníomhaíochtaí is gá le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta | | | | | |
|--|---|---|--|---|--|
| TREÍMHSE PLEANÁLA | | | | | AN CHÉAD TRÉIMHSE FEIDHME |
| Feabhra go Márta 2020 | 23 Márta 2020 | Márta go Bealtaine 2020 | 15 Meitheamh 2020 | Meitheamh 2020 | Meán Fómhair 2020/2021 |
| Dul i gcomhairle le pobal na scoile agus leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil | <i>Foirm um Léiriú Spéise</i> a chur isteach chuig an Roinn | Plean gníomhaíochta a ullmhú chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm | Plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid na Roinne dá hathbhreithniú | Aiseolas tugtha do scoileanna agus faomhadh do phleananna gníomhaíochta | Tús a chur le cur i bhfeidhm na spriocanna agus na ngníomhaíochtaí sa phlean gníomhaíochta chun an tumoideachas a threisiú |
| Tacaíochtaí tosaigh ar fáil do scoileanna lena n-áirítear am saor ó theagasc don phleanáil, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) á sholáthar ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht | | | | | Deontas agus uaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge tugtha |

1.1 Léiriú Spéise chun dul isteach sa Scéim in 2020

Is í an chéad chéim do scoileanna atá ag tosú sa Scéim ná cinneadh a thógáil maidir leis an bhFoirm um Léiriú Spéise don rannpháirtíocht sa Scéim a chomhlánú. Ba chóir do chinneadh na scoile maidir le páirt a ghlacadh sa Scéim tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, foireann na scoile, cumann na dtuismitheoirí agus an coiste áitiúil um phleanáil teanga agus tar éis faomhadh an bhoird bhainistíochta a fháil. Nuair a bhíonn an cinneadh á thógáil, molann an Roinn go láidir don scoil buanna agus buntáistí an tumoideachais a mheas agus an deis atá ag scoileanna fíorthionchar a bheith acu ar na dúshláin reatha a bhaineann le stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht.

Nuair a bhíonn an cinneadh déanta páirt a ghlacadh sa Scéim in 2020, caithear an Fhoirm um Léiriú Spéise atá in **Aguisín 2** a chomhlánú agus í a chur ar ais go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa phost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Bloc 3, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 **faoin 23 Márta 2020 ar a dhéanaí.**

1.2 Pleanáil ghníomhaíochta na scoile uile chun an tumoideachas a threisiú (Márta go Bealtaine 2020)

Beidh tréimhse ama ó Mhárta go Bealtaine 2020 ag scoileanna a roghnaíonn dul isteach sa Scéim in 2020 plean gníomhaíochta don fheabhsúchán a ullmhú atá bunaithe ar na critéir theanga-bhunaithe chun an tumoideachas a threisiú, agus comhthéacs na scoile san áireamh. Tá fáil in **Aguisín 1** faoi seach ar na critéir theanga-bhunaithe do bhunscoileanna chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

Tá an Scéim bunaithe ar fhorbairt leanúnach an tumoideachais ina mbaintear úsáid éifeachtach as próiseas féinmheastóireachta (FMS) na scoile. Déanfaidh plean gníomhaíochta na scoile cur síos ar an tslí ina ndéanfaidh an scoil na critéir theanga-bhunaithe a chomhlíonadh chun an tumoideachas a fheabhsú dá foghlaimeoirí céad agus dara teanga Gaeilge ar bhealach céimnitheach, incriminteach. Cuimsíonn sé seo pleanáil do naisc úsáideacha a chothú le pobal na scoile agus leis na coistí áitiúla don phleanáil teanga ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a leathnú.

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhphleanála timthriallach agus tá athbhreithniú rialta mar chuid de sin. Ba chóir don phróiseas gníomhphleanála fianaise a bhailiú, breithmheasanna a dhéanamh, spriocanna sainiúla a aithint, gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna spriocanna, agus spriocanna nua a leagan amach chun cáilíocht an oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú.

Tá sampla de theimpléad don ghníomhphleanáil, chun tacú le scoileanna i gcomhlíonadh na gcritéir teanga-bhunaithe don aitheantas mar scoil Ghaeltachta, ar fáil in **Aguisín 4** nó ag an **NASC**. Is féidir le scoileanna an teimpléad seo a úsáid agus é a leasú in oiriúint do chomhthéacs na scoile féin. Caitheadh gach scoil atá rannpháirteach sa Scéim an plean gníomhaíochta a chur isteach chuig an Roinn don athbhreithniú faoin **15 Meitheamh 2020.**

Caitheadh scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), de réir Phlean DEIS 2017, pleananna gníomhaíochta don fheabhsúchán a fhorbairt agus a fheidhmiú do théamaí ar leith.² Ba chóir na spriocanna agus na gníomhaíochtaí do théamaí DEIS mar aon leo siúd atá bainteach leis na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas, agus/nó aon réimse/í tosaíochta eile a chuimsiú faoi na fotheidil ábhartha i **ndoiciméad gníomhphleanála amháin a bhfuil lipéad soiléir air**. Ba chóir do scoileanna achoimre ghairid den tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile a roinnt lena bpobail scoile go bliantúil.

²Plean DEIS 2017: Na téamaí: tinreamh, coinneáil, dul chun cinn, litearthacht agus uimhearthacht, ceannaireacht, folláine, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), aistrithe, comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus gnóthachtáil i scrúduithe.

Nuair a bheidh athbhreithniú déanta ar na pleananna, cuirfidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta aiseolas ar fáil do gach scoil atá ag cur isteach ar an Scéim. Beidh deis ag gach scoil na leasuithe is gá a dhéanamh ar na pleananna i mí an Mheithimh 2020. Nuair a bheidh faomhadh faighte ag na pleananna, beidh fáil ag scoileanna ar na hacmhainní breise a bheidh ar fáil chun tacú le feidhmiú an tumoideachais **ó Mheán Fómhair 2020**.

CUID B

2. Na chéad tacaíochtaí a bheidh ar fáil do bhunscoileanna sa Ghaeltacht atá ag teacht isteach sa Scéim le linn tréimhse na gníomhphleanála (Feabhra go Meitheamh 2020)

Cuirfear na tacaíochtaí breise seo ar fáil do bhunscoileanna atá ag tosú sa Scéim le linn tréimhse forbartha na gníomhphleanála (Márta go Meitheamh 2020):

- **I gcás bunscoileanna ina bhfuil an príomhoide ag teagasc**, cuirfear dhá lá breise saor ó theagasc/riarachán ar fáil le clúdach ionadaíochta do phríomhoidí teagaisc chun tacú le plean gníomhaíochta a fhorbairt ar mhaithe leis an tumoideachas a threisiú.
- **I gcás bunscoileanna ina bhfuil príomhoidí riaracháin**, cuirfear lá breise saor ó theagasc/riarachán ar fáil le clúdach ionadaíochta do bhall amháin den fhoireann teagaisc chun tacú leis an bpríomhoide riaracháin ina bpróiseas maidir le pleanáil ghníomhaíochta. Ní mór do bhunscoileanna na laethanta scaoilte breise seo a úsáid sa tréimhse ó mhí Márta go Meitheamh 2020 chun dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas pleanála gníomhaíochta.
- Cuirfidh cuairteanna comhairleacha ón gCigireacht tacaíocht agus aiseolas ar fáil do scoileanna ar an bpleanáil ghníomhaíochta don phróiseas feabhsúcháin scoile.
- Beidh FGL bhreise ar fáil freisin ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

3. Acmhainní agus tacaíochtaí breise atá ar fáil do bhunscoileanna atá ag teacht go nua chuig an Scéim le linn na chéad tréimhse feidhme (Meán Fómhair 2020- Lúnasa 2021)

- Nuair a bhíonn faomhadh tugtha do phleananna gníomhaíochta scoileanna, beidh na scoileanna ag teacht isteach sa Scéim as an nua incháilithe chun acmhainní agus tacaíochtaí breise a rochtain in 2020/21 chun cuidiú leo a bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

3.1 Tacaíochtaí breise do bhunscoileanna le linn na chéad tréimhse feidhme (Meán Fómhair 2020 go Lúnasa 2021):

- **Uaireanta tacaíochta don Ghaeilge:** Ó Mheán Fómhair 2020, déanfar uaireanta breise do thacaíocht teanga a dháileadh ar bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim agus a bhfuil faomhadh faighte ag a bpleananna gníomhaíochta chun an tumoideachas a threisiú.

Tábla 2 – Tá cur síos anseo ar an tslí ina ndéanfar na huaireanta tacaíochta teanga breise a dháileadh ar bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim.

| TÁBLA 2: Bunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta | |
|--|--|
| Rollúchán bunscoile ar an 30/09/19 | Líon uaireanta breise do thacaíocht teanga don Ghaeilge in aghaidh na seachtaine le haghaidh na scoile don scoilbhliain 2020/21 |
| <53 | 5 |
| 53-82 | 7.5 |
| 83-142 | 10 |
| 143-175 | 12.5 |
| 176-250 | 15 |
| 251-488 | 17.5 |
| >488 | 25 |

Níor chóir na huairanta teanga breise don Ghaeilge a úsáid ach amháin chun tacú le riachtanais aitheanta na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimoirí Gaeilge chun a scoileanna inniúlachta sa Ghaeilge a fhorbairt agus a shaibhriú, go háirithe maidir leis an nGaeilge labhartha. Ba chóir do scoileanna breathnú ar fhoilseachán na Roinne Oideachais agus Scileanna, *Cuairteanna Comhairleacha na Cigireachta 2020/2021: Nóta Treorach do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna sa Scéim*, atá ar fáil **ANSEO**, mar threoir d'úsáid na n-uaireanta tacaíochta breise seo. Déanfar monatóireacht ar úsáid na n-uaireanta seo le linn chuairteanna comhairleacha na Cigireachta.

Cuirtear na huairanta tacaíochta Gaeilge seo ar fáil mar uaireanta páirtaimseartha do na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Beifear ag súil go ndéanfaidh scoileanna leithdháileadh na n-uaireanta tacaíochta teanga seo a bhainistiú go héifeachtach ionas go mbeidh leas iomlán le fáil ag na daltaí astu d'fhoghlaim na Gaeilge.

Is féidir le scoileanna cnuasaigh a chruthú do phoist theagaisc lánaimseartha shealadacha trí na huairanta tacaíochta Gaeilge curtha ar fáil a chur le chéile. Tá Foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna ar fáil in **Aguisín 3** agus ar láithreán gréasáin na Roinne ag an **NASC**.

Cé go leithdháiltear uaireanta tacaíochta teanga na Gaeilge faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus na huairanta teagaisc oideachais speisialta astu féin, is féidir le scoileanna na huairanta seo a chur le chéile chun post teagaisc sealadach a chruthú don scoilbhliain 2020/21. Ina leithéid de chás, caithfidh scoileanna a dheimhniú go bhfuil inniúlacht ard sa Ghaeilge agus tuiscint mhaith ar an tumoideachas ag na múinteoirí a roghnaítear do na poist seo.

- **Leithdháileadh deontais:** I mí Bealtaine 2020, déanfar deontas €1,200 a íoc le scoileanna atá páirteach sa Scéim. Is é cuspóir an deontais seo ná acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach chun tacú le soláthar tumoideachais ardcháilíochta. Tá liosta acmhainní i nGaeilge ar fáil ó láithreán gréasáin na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ag www.cogg.ie.

Beidh sé de dhualgas ar scoileanna gach taifead ar chaiteachas a choimeád chun críche iniúchta de réir na nósanna imeachta don soláthar poiblí agus airgeadais (féach soláthairtí ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Imlitir 0013/2014). Caithfidh údaráis scoileanna a dheimhniú freisin go sásaítear riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le sócmhainní a sholáthar, a úsáid agus a dhiúscairt.

- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfear FGL bhreise ar fáil do scoileanna atá páirteach sa Scéim, agus beidh sí á comhordú ag COGG i gcomhpháirt le seirbhísí tacaíochta ábhartha eile agus leis an gCigireacht. Más gá, agus de réir mar atá fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil tríd an gCóras Éileamh ar Líne (OLCS) chun freastal ar sheimineáir/cheardlanna d'uasmhéid de dhá lá, do bheirt mhúinteoirí i mbunscoileanna atá páirteach sa Scéim in 2020/2021. Is féidir na laethanta seo a éileamh ón gCóras Éileamh ar Líne tríd an nasc seo a leanas a roghnú: *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach /Gníomhaíochtaí*

Gairmiúla - Polasaí um Oideachas Gaeltachta. Tá sé i gceist go ndúnfar gach scoil atá ag feidhmiú sa Scéim ar feadh lá amháin le go mbeidh sé ar chumas na múinteoirí uile freastal ar an FGL in 2020/2021. Cuirfidh COGG na mionsonraí ar fáil maidir leis na pleananna FGL do scoileanna atá páirteach sa Scéim.

- **Foilseofar leagan leasaithe de na Treoirínte Dea-chleachtas don Tumoideachas do Bhunscoileanna Gaeltachta in 2020** chun tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do scoileanna maidir leis an tumoideachas ar ardcháilíocht a chur i bhfeidhm. Is féidir an Treoir a úsáid chun:
 - spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint chun na critéir theanga-bhunaithe don tumoideachas a bhaint amach
 - machnamh a dhéanamh ar chleachtas teagasc agus foghlama éifeachtacha trí mheán na Gaeilge
 - plé gairmiúil ar fhoghlaim, teagasc, bainistíocht agus ceannaireacht maidir le feidhmiú an tumoideachais
 - dea-chleachtas sa tumoideachas a aithint, a fhorbairt agus a leathnú.
- **Tacaíocht na Cigireachta:** Tabharfaidh cigirí cuairteanna comhairleacha ar na scoileanna atá páirteach sa Scéim chun tacú leo maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí atá aitheanta acu chun na critéir theanga-bhunaithe a chomhlíonadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu ar mhaithe leis an tumoideachas a threisiú.
- **Ócáid chun dea-chleachtas a cheiliúradh agus a roinnt:** Beidh ócáid fhoghlaim-roinnte á heagrú i Ráithe 4, 2020 chun an dea-chleachtas nuálach sa tumoideachas atá á chur i bhfeidhm ag na scoileanna sa Scéim a cheiliúradh agus a roinnt. Cuirfear tuilleadh eolais faoin ócáid seo chuig na scoileanna in am trátha.

5. Eolas Breise/Ceisteanna Coitianta

Beidh rannpháirtíocht leanúnach na mbunscoileanna/scoileanna speisialta sa Scéim ag brath ar choinníollacha na hImlitreach seo, agus aon imlitreacha eile a bhaineann leis an Scéim. Más é cinneadh na Roinne, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na Scéime á gcomhlíonadh, coimeádtar an ceart scoil a bhaint ón Scéim. Má bhítear míshásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na Scéime, déanfaidh painéal neamhspleách achomharc a mheas.

Leanfaidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna ag maoirsiú, ag bainistiú agus ag tacú le feidhmiú an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* agus an *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* sa chéad chéim fheidhme eile.

Déantar eolas agus nuashonruithe faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* agus faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* a fhoilsiú go rialta ar láithreán gréasáin na Roinne. Tá ceisteanna coitianta ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne, agus déanfar iad a nuashonrú go rialta.

Ba chóir fiosruithe maidir le feidhmiú na Scéime nó an Pholasaí a sheoladh ar ríomhphost chuig aog@education.gov.ie nó trí ghnáthphost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.

Treasa Kirk
Ceannasaí, An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Feabhra 2020

Iarrtar ar phríomhoidí scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird gach comhalta uile den bhord bainistíochta/ den bord oideachais agus oiliúna, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an Imlitir seo. Tá fáil ar an Imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: www.education.ie

Aguisín 1

Critéir theanga-bhunaithe don aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

| | |
|-----|---|
| 1. | Clár lántumtha ³ dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn. |
| 2. | Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge. |
| 3. | Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ⁴ chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge. |
| 4. | Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none">• a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagasc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus• a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) |
| 5. | Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS). |
| 6. | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge. |
| 7. | Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla. |
| 8. | Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge. |
| 9. | Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta. |
| 10. | Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile. |
| 11. | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí). |
| 12. | Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge. |
| 13. | Gach iarracht foireann teagasc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. |

³ Ciallaíonn clár lántumtha go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtosófar ar mhúineadh an Bhéarla ó Rang a 1. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na leanaí sa Ghaeilge i ranganna na naíonán.

⁴ Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/i. (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11)

Aguisín 2

Foirm um Léiriú Spéise

Le comhlánú ag bainistíocht bunscoile atá ag léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2020

Seol an Fhoirm um Léiriú Spéise comhlánaithe chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa phoist chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96 tráth faoin Luan, 23 Márta 2020 ar a dhéanaí.

Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

Seoladh na Scoile: _____

Uimhir Ghutháin: _____ R-phost: _____

Is mian liom a dheimhniú gur pléadh ábhar na nImlitreach 0012/2020 ag cruinnithe leis an bhfoireann teagaisc, le cumann na dtuismitheoirí, agus leis an mbord bainistíochta.

| | Síniú | Dáta |
|--|-------|------|
| Príomhoide na scoile | | |
| Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta | | |

Is mian liom a dheimhniú gur pléadh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus ábhar na nImlitreach 0012/2020 le cathaoirleach an choiste pleanála teanga Gaeltachta.

| | Síniú | Dáta |
|--|-------|------|
| Cathaoirleach an choiste pleanála teanga | | |

3) Mar chuid den léiriú spéise chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, tabhair cur síos gonta le do thoil ar na nithe seo a leanas (200 focal ar a mhéid):

- Cinneadh na scoile le bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta in 2020
- Na céimeanna a ghlacadh chun teacht ar an gcinneadh páirt a ghlacadh sa Scéim in 2020
- Tionscnamh ar bith ina bhfuil an scoil páirteach faoi láthair chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal
- An teagmháil atá déanta ag an scoil leis an gcoiste atá freagrach as an bplean teanga ina limistéar pleanála teanga Gaeltachta lena dheimhniú go bhfuil a fhios ag an gcoiste go bhfuil spéis ag an scoil páirt a ghlacadh sa Scéim chun stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

D'fhéadfadh go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha agat ar an bhfoirm seo ina ábhar iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI), agus dá bhrí sin go nochtófar cuid di nó an t-iomlán chuig iarrthóir. Mar sin, táimid ag iarraidh ort, mar chuid de do fhreagra, aon fhaisnéis a shainaithint a mheasann tú a bheith íogair agus díolmhaithe ó nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Cuideoidh sé seo leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sa phróiseas cinnteoireachta má fhaightear iarratas um Shaoráil Faisnéise. Tabhair aird go bhféadfaí eolas atá ar an bhfoirm seo a chur ar fáil do COGG freisin chun tacú leis an ról atá aici i gcur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.

Is mian liom LÉIRIÚ SPÉISE ÁR SCOILE A CHLÁRÚ le bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

| | Síniú | Dáta |
|---|--------------|-------------|
| Príomhoide na scoile | | |
| Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta | | |

Aguisín 3
Foirm Iarratais do Chnuasach Bunscoileanna 2020/21

Foirm Iarratais chun post lánaimseartha sealadach a chruthú trí chnuasach scoileanna don scoilbhliain 2020/21

Caithfidh scoileanna a dheimhniú go bhfuil ard-inniúlacht sa Ghaeilge agus tuiscint mhaith ar an tumoideachas ag na múinteoirí a roghnaítear ionas gur féidir leo na ról a chomhlíonadh, de réir mar is gá.

| | Roghanna don chnuasach | Cuir tic le rogha amháin le do thoil |
|----------|---|---|
| A | Tacaíocht teanga don Ghaeilge idir scoileanna a chnuasach | |
| B | Tacaíocht teanga don Ghaeilge agus uaireanta don teagasc oideachas speisialta idir scoileanna a chnuasach | |
| C | Tacaíocht teanga don Ghaeilge agus uaireanta don teagasc oideachas speisialta a chur le chéile sa scoil chéanna | |

Caithfear an fhoirm seo a chomhlánú faoin 8 Aibreán 2019 agus a chur ar ais chuig An tAonad um Oideachas Gaeltachta, go leictreonach chuig aog@education.gov.ie nó sa phost chuig: An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, DO1 RC96.

[Cuirfear an t-eolas atá ar an bhfoirm seo ar fáil do ranna eile den Roinn, de réir mar is gá. Cuirfear cóipeanna den fhoirm seo ar fáil freisin d'Aonad na Leithdháiltí Múinteoirí na Roinne, dá thaifead.]

Sonraí na scoile bunaidh don phost nua lánaimseartha sealadach a cruthaíodh trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)

| | |
|---|--|
| Ainm na scoile bunaidh: (Ní mór don scoil bhunaidh a bheith rannpháirteach sa Scéim) | |
| Uimhir rolla: | |
| Seoladh na scoile: | |
| Ríomhphost na scoile: | |
| Uimhir ghutháin: | |

Sonraí na scoileanna páirtnéara don phost nua lánaimseartha sealadach a cruthaíodh trí uaireanta a chnuasach (1 phost = 25 uair an chloig)

| | Ainm na Scoile | Uimhir rolla | Líon na n-uaireanta do thacaíocht na Gaeilge | Líon na n-uaireanta don teagasc oideachas speisialta |
|---|-----------------------|---------------------|---|---|
| Scoil bhunaidh | | | | |
| An dara scoil | | | | |
| An tríú scoil | | | | |
| Iomlán na n-uaireanta cnuasaigh: | | | | |

Sonraí na n-uaireanta tacaíochta don Ghaeilge nach bhfuil in úsáid sa chnuasach seo (i.e líon iomlán na n-uaireanta tacaíochta teanga lúide na n-uaireanta tacaíochta teanga sa chnuasach). Déanfar na huaireanta seo a fhaomhadh mar uaireanta páirtaimseartha.

| | Ainm na Scoile | Uimhir rolla | Líon na n-uaireanta do thacaíocht na Gaeilge <u>NACH BHFUIL</u> in úsáid sa chnuasach |
|----------------|----------------|--------------|---|
| Scoil bhunaidh | | | |
| An dara scoil | | | |
| An tríú scoil | | | |
| Iomlán: | | | |

Déanfar gach cnuas-shocrú maidir le poist nua lánaimseartha shealadacha a eascraíonn ó uaireanta do thacaíocht teanga na Gaeilge a chur le chéile don scoilbhliain 2020/21 amháin.

Le nótaíl: I gcás eisceachtúil, má tá scoil rannpháirteach i níos mó ná cnuasach amháin, caithfear an fhoirm chuí a sheoladh isteach do gach cnuasach.

Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas thuas cruinn agus go n-aontaím leis na cnuas-shocruithe atá molta don phost seo mar atá leagtha amach thuas.

SCOIL BHUNAIDH: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na scoile bunaidh **Síniú chathaoirleach na scoile bunaidh**

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

AN DARA SCOIL: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na dara scoile **Síniú chathaoirleach na dara scoile**

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

AN TRÍÚ SCOIL: Ainm na scoile: _____ Uimhir rolla: _____

Síniú phríomhoide na tríú scoile **Síniú chathaoirleach na tríú scoile**

Dáta: _____ Uimhir theagmhála: _____

Cuirfear an t-eolas san fhoirm seo ar fáil do ranna ábhartha na Roinne, de réir mar is gá. Tabharfar cóip den fhoirm seo do Rannóg Leithdháileadh Múinteoirí na Roinne don taifead.

Is í an phríomhchúis go bhfuil na sonraí pearsanta atá á sholáthar agat de dhíth ar an Roinn ná chun socruithe a dhéanamh do chnuasach scoileanna ar mhaithe le poist roinnte shealadacha a chruthú in 2020/2021 ar bhonn na n-uaireanta breise a cuireadh ar fáil do scoileanna faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*. D'fhéadfaí an t-eolas pearsanta a sholáthraítear a mhalartú le ranna eile sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus le scoileanna eile atá páirteach i gcnuas-shocruithe. Tá fáil ar mhionsonraí maidir le polasaí um chosaint sonraí na Roinne ina ndéantar cur síos ar an tslí ina mbainfear úsáid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas faoi do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag an **NASC** seo.

Aguisín 4

Teimpléad Samplach do Phlean Gníomhaíochta do chur i bhfeidhm na gcritéar teanga don tumoideachas

| | | | |
|-----------------------------|--|---------------------|--|
| Ainm na Scoile | | Uimhir Rolla | |
| Comhthéacs na Scoile | Tabhair cuntas achomair soiléir le pointí urchair de réir mar atá ábhartha (<i>m.sh. líon foirne agus rollachán; stádas DEIS; comhthéacs teangeolaíochta na scoile; cleachtas reatha maidir leis an teagasc trí Ghaeilge; tacaíochtaí don Ghaeilge ar fáil sa scoil/sa phobal scoile; comhpháirtíocht le tuismitheoirí; nasc leis an gcoiste pleanála teanga; nasc le scoileanna eile/naíonraí &rl</i>) <ul style="list-style-type: none"> • • | | |

Seo a leanas sampla de theimpléad a d'fhéadfaí a úsáid chun plean a dhearadh do chritéar teanga amháin a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh sprioc amháin nó níos mó a bheadh ag an scoil don chritéar sin. Is féidir an teimpléad a chóipeáil de réir mar is gá, ag brath ar líon na gcritéar teanga agus líon na spriocanna atá á chur i bhfeidhm sa tréimhse ama ar leith. Moltar plean a dhearadh do bhliain amháin ar dtús le go bhfeicfean an dul chun cinn atá déanta taobh istigh den tréimhse ama sin.

| Critéar Teanga | | | | | | |
|-------------------------|--------------------------|-----------|------------------------------|----------------------------------|--------------------------|---------------------|
| Spriocanna Feabhsúcháin | Gníomhartha Riachtanacha | Fráma Ama | Ba(i)ll Foirne atá freagrach | Monatóireacht agus Athbhreithniú | | |
| 1 | | | | Dáta | Gnéithe atá bainte amach | Forbairt le déanamh |
| | | | | | | |
| 2 | | | | Dáta | Gnéithe atá bainte amach | Forbairt le déanamh |
| | | | | | | |
| 3 | | | | Dáta | Gnéithe atá bainte amach | Forbairt le déanamh |
| | | | | | | |